



AGUISÍN LE
TÚS ÁITE DO LEANAÍ: TREOIR
NÁISIÚNTA UM CHOSAINT AGUS
LEAS LEANAÍ (2017)

Déileáil le Nochtadh
Cúlghabhálach Ar Dhrochúsáid
Leanaí do Dhaoine Fásta



An Rionn Leanaí, Comhionannais,
Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Department of Children, Equality,
Disability, Integration and Youth

DÉILEÁIL LE NOCHTADH CÚLGHABHÁLACH AR DHROCHÚSÁID LEANAÍ DO DHAOINE FÁSTA

Cúlra

Athraíonn an t-aguisín seo cuid den téacs atá in *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí* (An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, 2017), arb iad na treoirlínte náisiúnta iad chun cabhrú le gairmithe, eagraíochtaí agus daoine aonair mí-úsáid agus faillí leanaí a aithint agus a thuairisciú. Tá míreanna 1 agus 2 á n-athsholáthar faoin gceannteideal ‘Déileáil le líomhain chúlghabhálach’ ar leathanach 23 den Treoir Náisiúnta (féach an téacs nua thíos faoin gceannteideal ‘Daoine faoi Shainordú agus Daoine Fásta – Ais-Nochtadh Drochúsáide Leanaí’).

Athdhearbhaíonn an t-aguisín freisin an oibleagáid dhlíthiúil atá ar dhaoine faoi shainordú chun díobháil leanaí os cionn tairseach shainithe a thuairisciú do Tusla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, a bhfuil cur síos air i gcaibidil 3 den Treoir Náisiúnta Tús Áite do Leanaí. Athdhearbhaíonn sé freisin an cleachtas neamhreachtúil is fearr do gach duine aonair, lena n-áirítear daoine faoi shainordú, chun imní réasúnach faoi leas nó faoi chosaint linbh a thuairisciú do Tusla faoin Treoir Náisiúnta (i gcaibidil 2). Ar deireadh, imlíníonn an t-aguisín conas imní faoi chosaint leanaí nó leas leanaí a thuairisciú, a fhorlínann an téacs faoi ‘Ag Tuairisciú Imní faoi Leanbh’ agus ‘Tuairisc Shainordaithe a Dhéanamh’ atá sa Treoir Náisiúnta (ar leathanaigh 13/14 agus 24/25 faoi seach).

Tá an t-aguisín eisithe ag an Aire Leanaí, Comhionannais agus Míchumais faoi alt 6 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015. Leanann sé Breithiúnas ón gCúirt Achomhairc an 8 Nollaig 2023 ([2023] IECA 298) maidir le halt 14(1)(a) den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 a bhaineann le tuairisciú éigeantach.

Tá sé soiléirithe ag an mBreithiúnas nach gceanglaítear ar dhaoine faoi shainordú faoin Acht um Thús Áite do Leanaí tuairiscí a thabhairt do Tusla maidir le nochtadh cúlghabhálach do dhaoine fásta maidir le mí-úsáid leanaí, i gcúinsí nach bhfuil díobháil nó riosca díobhála do dhuine atá ina leanbh faoi láthair (i.e. duine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois tráth an nochta) sainaitheanta nó nach bhfuil amhras ann faoi. Dheimhnigh an Breithiúnas freisin, más rud é, mar thoradh ar fhaisnéis a fuarthas ó dhuine fásta (i gcúrsa fostaíochta nó gairme an duine shainordaithe), go bhfuil a fhios ag an duine sainordaithe, go gcreideann sé/sí nó go bhfuil amhras réasúnach ann, go ndearnadh díobháil do dhuine atá ina leanbh faoi láthair, go bhfuil díobháil á déanamh dó/di nó go bhfuil an baol ann go ndéanfaí díobháil dó/di, go gcaithfidh sé nó sí an fhaisnéis sin a thuairisciú gan mhoill do Tusla faoin Acht. Léirítear an soiléiriú sin maidir leis an sainmhíniú reachtach ar 'leanbh' a ndearnadh 'dochar' dó/di in alt 14(1)(a) den Acht san aguisín.

Ba cheart an t-aguisín seo a léamh in éineacht leis an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus leis an Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí (2017). Níl an t-aguisín beartaithe mar thuairim nó comhairle dhlíthiúil agus, má tá amhras ort, ba cheart duit do chomhairle dlí neamhspleách a lorg.

Daoine faoi Shainordú

[Athráiteas é seo a leanas ar an dualgas dlíthiúil tuairiscithe sainordaithe a bhfuil cur síos air i gcaibidil 3 den Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí]

Is éard is daoine faoi shainordú ann ná daoine a mbíonn teagmháil acu le leanaí agus/nó le teaghlach agus atá, mar gheall ar a gcáilíochtaí, a ról oiliúna agus/nó fostaíochta, in ann cabhrú go mór le leanaí a chosaint ó dhochar. Tá liosta na ndaoine faoi shainordú leagtha amach i [Sceideal 2](#) den Acht agus folaíonn sé múinteoirí, comhaltaí de na Gardaí, oifigigh phromhaidh agus catagóirí áirithe de ghairmithe cúraim sláinte. Is daoine faoi shainordú freisin iad roinnt gairmithe nach n-oibríonn go díreach le leanaí, mar iad siúd atá ina gcomhairleoirí le daoine fásta nó ina síciatraithe.

Faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, ceanglaítear ar dhaoine faoi shainordú imní faoi chosaint leanaí a thuairisciú do Tusla ag nó os cionn tairseach shainithe. Faoi alt 14, ní mór do dhaoine faoi shainordú tuairisc a thabhairt do Tusla ar aon eolas, creideamh nó amhras réasúnach, bunaithe ar fhaisnéis a fuarthas le linn a bhfostaíochta nó a ngairme, go ndearnadh díobháil do

leanbh (duine faoi bhun 18 mbliana d'aois ag an am a fuarthas an fhaisnéis), go bhfuil díobháil á déanamh dó nó go bhfuil sé/sí i mbaol díobhála. In alt 2, sainmhíníonn an tAcht um Thús Áite do Leanaí díobháil mar ionsaí, drochíde, faillí nó mí-úsáid ghnéasach, agus clúdaíonn sí cásanna aonair agus iolracha.

Maidir le mí-úsáid chorportha, mí-úsáid mhothúcháinach / drochíde agus faillí, ní mór do dhaoine faoi shainordú a chreideann go bhfuil difear tromchúiseach do shláinte, forbairt nó leas linbh á dhéanamh nó go ndearnadh é, nó gur dócha go gcuirfí isteach go tromchúiseach orthu, tuairisc shainordaithe a dhéanamh chuig Tusla. Toisc go dtagann gach mí-úsáid ghnéasach laistigh den chatagóir a chuireann isteach go tromchúiseach ar shláinte, ar fhorbairt nó ar leas linbh, ní mór gach imní faoi mhí-úsáid ghnéasach a chur isteach mar thuarascáil shainordaithe chuig Tusla. Tá tuilleadh faisnéise faoin tairseach dhíobhála do gach catagóir mhí-úsáide, ag a bhfuil oibleagáid dhlíthiúil ar dhaoine faoi shainordú imní a thuairisciú, le fáil i gcaibidil 3 den Treoir Náisiúnta Tús Áite do Leanaí.

DAOINE FAOI SHAINORDÚ AGUS NOCHTADH CÚLGHABHÁLACH AR DHROCHÚSÁID LEANAÍ DO DHAOINE FÁSTA

[Cuirtear na trí alt seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2 faoin gceannteideal 'Déileáil le líomhain cúlghabhálach' ar leathanach 23 den Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí (i gcaibidil 3)]

D'fhéadfadh roinnt daoine fásta mí-úsáid a tharla le linn a n-óige a nochtadh. D'fhéadfadh nochtadh den sórt sin teacht chun solais nuair a fhreastalaíonn duine fásta ar chomhairleoireacht nó nuair a bhíonn cóireáil á dhéanamh ar fhadhb shíciatrach nó shláinte. Más rud é, mar dhuine faoi shainordú, go bhfaigheann tú nochtadh cúlghabhálach ar mhí-úsáid leanaí ó dhuine fásta, ní mór duit an fhaisnéis sin a thuairisciú do Tusla má rinne díobháil do leanbh reatha (i.e. duine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois ag an am an nocht), má tá díobháil á déanamh, nó má tá an baol ann go ndéanfaí díobháil.

Moltar do dhaoine faoi shainordú a oibríonn le daoine fásta, go háirithe i soláthar comhairleoireachta nó tacaíochtaí sláinte, míniú a thabhairt roimh ré do chliaint faoi na teorainneacha rúndachta a bhaineann le cosaint leanaí. Is é sin, má thagann an duine faoi shainordú ar an eolas le linn na seirbhíse, go gcreideann sé/sí nó go bhfuil amhras réasúnach ar an duine faoi shainordú go ndearnadh díobháil, go bhfuil díobháil á déanamh nó go bhfuil an baol ann go ndéanfaí díobháil do dhuine atá ina leanbh faoi láthair, caithfidh sé/sí an

fhaisnéis sin a chur ar aghaidh chuig Tusla. Nuair a bheidh an duine atá ag déanamh an nohta in ann tacú le tuairisc an duine faoi shainordú do Tusla, cabhróidh sé go mór le Tusla an riosca reatha nó féideartha amach anseo do leanaí a scrúdú.

Tar éis dó/di nochtadh siarghabhálach ar mhí-úsáid óige a fháil ó dhuine fásta, ní mór don duine sainordaithe breithiúnas gairmiúil a thabhairt i dtaobh an bhfuil aon duine atá ina leanbh faoi láthair (inaitheanta nó nach bhfuil) i mbaol díobhála ón duine is ábhar do na líomhaintí mí-úsáide. Ní mór dóibh a mheas an bhféadfadh rochtain a bheith ag an duine is ábhar do na líomhaintí ar leanaí nó teagmháil leo. Má bhíonn amhras ar an duine faoi shainordú ar fhorais réasúnacha go bhfuil leanbh i mbaol, ní mór tuairisc shainordaithe a thabhairt do Tusla. Mar a luadh níos luaithe, ní éilíonn an tAcht um Thús Áite do Leanaí ar dhaoine faoi shainordú tuairisc a thabhairt do Tusla ar mhí-úsáid óige duine atá ina d(h)uine fásta anois, i gcúinsí nach bhfuil díobháil nó riosca díobhála do leanbh reatha (i.e. duine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois tráth an nohta) sainaitheanta nó nach bhfuil amhras ann faoi. Mar shampla, d'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh nuair is eol go bhfuil an duine is ábhar do na líomhaintí mí-úsáide marbh. Más rud é, bunaithe ar an bhfaisnéis atá ina s(h)eilbh, nach bhfuil an duine faoi shainordú cinnte an bhfuil leanaí i mbaol ag an duine is ábhar do na líomhaintí, ba chóir dó/di dul i dteagmháil le roinn oibre sóisialta Tusla chun an imní a phlé.

DAOINE FAOI SHAINORDÚ AGUS TUAIRISCIÚ FAOI THREOIR NÁISIÚNTA TÚS ÁITE DO LEANAÍ

[Is é seo a leanas athráiteas ar an gcleachtas neamhrechtúil is fearr do dhaoine faoi shainordú chun imní réasúnach faoi leas nó cosaint linbh a thuairisciú do Tusla faoin Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí (i gcaibidil 2)]

Is féidir le duine faoi shainordú tuairisc neamh-shainordaithe a dhéanamh do Tusla freisin. Feidhmíonn an tAcht um Thús Áite do Leanaí taobh le taobh leis na hoibleagáidí neamhrechtúla dea-chleachtais dá bhforáiltear sa Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí. Faoin Treoir, ba cheart d'aon duine a bhfuil cúis réasúnach imní aige nó aici go mb'fhéidir go ndearnadh mí-úsáid, go bhfuil sí á déanamh nó go bhfuil baol ann go ndéanfaí mí-úsáid nó faillí ar leanbh, an imní sin a thuairisciú do Tusla. Mar dhuine faoi shainordú, mura dtagann d'ábhar imní an sainmhíniú dlíthiúil ar dhíobháil le haghaidh tuairisciú sainordaithe ach go mbraitheann tú gur ábhar imní réasúnach é faoi leas nó cosaint linbh, ba cheart duit é a thuairisciú do Tusla faoin Treoir. Áirítear leis sin daoine faoi shainordú a bhfuil forais réasúnacha acu le bheith buartha faoi leanbh faoi bhun 18 mbliana d'aois, tar éis nochtadh a fháil ó dhuine fásta gur baineadh mí-úsáid as/aisti mar leanbh.

Oibleagáid ghinearálta cosaint nó leas leanaí a thuairisciú

[Is é seo a leanas athráiteas ar an gcleachtas neamhreachtuil is fearr do dhaoine faoi shainordú chun imní réasúnach faoi leas nó cosaint linbh a thuairisciú do Tusla faoin Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí (i gcaibidil 2)]

Mar bhaill den phobal, tá freagracht orainn go léir leanaí agus daoine óga a choinneáil chomh sábháilte agus is féidir. Mar a luadh thuas, faoin Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí, ba chóir duit Tusla a chur ar an eolas i gcónaí nuair a bhíonn forais réasúnacha imní agat go bhféadfadh sé go ndearnadh mí-úsáid nó faillí do leanbh, go bhfuil sí á déanamh nó go bhfuil leanbh i mbaol mí-úsáide nó faillí. Tá tuilleadh eolais faoi conas na cineálacha éagsúla mí-úsáide leanaí a aithint le fáil i gcaibidil 2 den Treoir.

Tar éis nochtadh a fháil ó dhuine fásta go ndearnadh mí-úsáid air/uirthi mar leanbh, ba cheart d'aon duine a bhfuil imní réasúnach orthu faoi leas nó faoi chosaint duine atá ina leanbh faoi láthair (i.e. duine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois tráth an nocht) an t-ábhar imní sin a thuairisciú do Tusla. Tá sé sin amhlaidh toisc go bhféadfadh an duine a bhfuil an líomhain déanta ina c(h) oinne a bheith ina riosca reatha nó ionchasach do leanaí amach anseo.

Conas imní faoi chosaint nó leas leanaí a thuairisciú

[Cuireann an méid seo a leanas leis an téacs faoi 'Ag Tuairisciú Imní faoi Leanbh' agus 'Tuairisc Shainordaithe a Dhéanamh' atá sa Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí (ar leathanaigh 13/14 agus 24/25 faoi seach).]

Is féidir tuairiscí a thabhairt do Tusla trí [Thairseach Ar Líne Tusla](#), go pearsanta, ar an teileafón nó i scríbhinn chuig an oifig oibre sóisialta ar dualgas sa cheantar ina bhfuil an leanbh ina c(h)ónaí. Ligeann Tairseach Tusla d'úsáideoirí Foirmeacha Tuairisce um Chosaint agus Leas Leanaí (CPWRFanna) agus Foirmeacha Tuairisce um Dhrochúsáid Cúlghabhálach (RARFanna) a chur isteach go sábháilte chuig Tusla ar líne.

Tá sonraí teagmhála na n-oifigí oibre sóisialta ar dualgas ar fud na tíre ar fáil ar shuíomh gréasáin Tusla [anseo](#).

Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil do dhaoine sainordaithe maidir le himní a thuairisciú atá ag nó os cionn na tairsí díobhála ar shuíomh gréasáin Tusla [anseo](#).

Tá tuilleadh eolais don phobal i gcoitinne maidir le himní réasúnta a thuairisciú faoi mhí-úsáid nó faillí leanaí le fáil ar shuíomh gréasáin Tusla [anseo](#).

Tá modúl ríomhfhoghlama ar ról agus ar fhreagrachtaí daoine sainordaithe ar fáil ar shuíomh gréasáin Tusla [anseo](#).

Tá clár tosaigh ríomhfhoghlama Tús Áite do Leanaí chun tacú le daoine de gach cúlra agus taithí chun imní réasúnach faoi mhí-úsáid agus faillí leanaí a aithint agus a thuairisciú ar fáil ar shuíomh gréasáin Tusla [anseo](#).

I gcásanna éigeandála, nuair is cosúil go bhfuil leanbh nó duine óg i mbaol láithreach agus tromchúiseach, déan teagmháil leis an nGarda Síochána.

ACMHAINNÍ BREISE

[Acht um Thús Áite do Leanaí 2015](#)

[Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí \(2017\)](#)

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta & Óige
Aibreán 2025